BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

23 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú reachtaíochta – Gás nádúrtha – Treoir 2009/73/CE – Airteagal 41(8) – An coincheap 'dreasacht iomchuí' – Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 – Airteagal 13(1) – Coincheap 'toradh iomchuí ar infheistíochtaí' – Córais tarchuir agus dáileacháin – Saoráid stórála – Critéir le cur san áireamh le haghaidh taraifí tarchuir agus dáileacháin arna leagan síos ag an údarás rialála náisiúnta a shocrú – Ráta toraidh ar chaipiteal – Oibleagáid léiriú comhréireach a dhéanamh – Oibleagáid cúiseanna a lua)

I gCás C-87/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Administratīvā apgabaltiesa (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, an Laitvia), trí bhreith an 3 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 2 Feabhra 2024, sna himeachtaí

AS 'Gaso,'

AS 'Conexus Baltic Grid'

v

Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreithimh den Cheathrú Dlísheomra, agus M. Condinanzi (Rapóirtéir), Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: M. Aleksejev, Ceann Aonaid,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i dtaca le héisteacht an 15 Eanáir 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a tíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AS 'Gaso', ag L. Liepa agus J. Sarāns-Reneslācis, advokāti,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

– AS ‘Conexus Baltic Grid’, ag C. Ginter, vandeadvokaat, agus K. Pļaviņa-Mika, advokāte, agus ag U. Bariss, valdes priekšsēdētājs, agus M. Gode, valdes loceklis,

– Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija, ag J. Miķelsons, izpilddirektors, agus A. Upena, padomes locekle,

– an Coimisiún Eorpach, ag O. Beynet, L. Ozola agus T. Scharf, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 3 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO 2009 L 211, lch. 94) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na córais tarchuir gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO 2009 L 211, lch. 36).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí maidir le dhá chaingean le haghaidh neamhniú arna gcur isteach faoi seach ag AS ‘Gaso’ agus ag AS ‘Conexus Baltic Grid’ i gcoinne lēmums Nr. 109 ‘par kapitāla atdeves likmi dabasgāzes pārvades sistēmas, dabasgāzes sadales sistēmas un dabasgāzes uzglabāšanas pakalpojumu tarifu projekta aprēķināšanai’ (an cinneadh a bhaineann le ráta toraidh ar chaipiteal chun an dréacht-rátaí le haghaidh seirbhísí córais tarchuir gáis nádúrtha, córas dáileacháin gáis nádúrtha agus stóráil le haghaidh gáis nádúrtha a ríomh) an 20 Lúnasa 2020 (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’) arna ghlacadh ag an Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija (an Coimisiún Rialála Seirbhísí Poiblí, an Laitvia) (‘údarás rialála na Laitvia’).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2009/73

3 Foráiltear le haithrisí 23 go 25, 30 agus 32 de Threoir 2009/73 mar a leanas:

‘(23) Ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun taraifí trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú maidir le rochtain ar an iompar. Ba cheart na taraifí sin a bheith infheidhme maidir le gach úsáideoir ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina mbíonn saoráid stórála, línephacáil nó seirbhís choimhdeach á hoibriú i margadh atá iomaíoch a dhóthain, d’fhéadfaí rochtain a cheadú ar bhonn sásraí trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha agus margadhbhunaithe.

(24) Is gá neamhspleáchas na n-oibreoirí saoráidí stórála a áirithiú chun feabhas a chur ar rochtain tríú páirtithe ar shaoráidí stórála a bhfuil gá teicniúil nó eacnamaíoch leo chun rochtain éifeachtúil a sholáthar ar an gcóras ar mhaithe le soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí. [...] Is gá freisin cur leis an trédhearcacht maidir leis an acmhainneacht stórála gáis nádúrtha a thairgtear do thríú páirtithe, trína chur d'oibleagáid ar na Ballstáit creat soiléir neamh-idirdhealaitheach a shainiú agus a fhoilsiú, lena gcinntear an córas rialála iomchuí is infheidhme maidir le saoráidí stórála. [...]

(25) Bíonn an rochtain iartheachtach ar chustaiméirí ar an leibhéal miondíola ag brath ar rochtain neamh-idirdhealaitheach a bheith ar an ngréasán dáileacháin. [...]

[...]

(30) Ní mór do rialálaithe fuinnimh a bheith in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna rialála ábhartha go léir má tá an margadh inmheánach do ghás nádúrtha le feidhmiú i gceart, agus a bheith neamhspleách go hiomlán ar aon leasanna poiblí nó príobháideacha eile. Ní chuirfidh sé sin cosc ar athbhreithniú breithiúnach ná ar fhormhaoirseacht pharlaiminteach i gcomhréir le dlíthe bunreachtúla na mBallstát. [...]

[...]

(32) Ba cheart údaráis rialála náisiúnta a bheith in ann taraifí, nó na modheolaíochtaí is bun le ríomh na dtaraifí, a shocrú nó a fhormheas, ar bhonn togra ón oibreoir córais tarchurtha nó ón oibreoir nó na hoibreoirí córais dáileacháin nó ón oibreoir córais gáis nádúrtha leachtaithe (GNL), nó ar bhonn togra a chomhaontófar idir na hoibreoirí sin agus úsáideoirí an ghréasáin. Agus na cúraimí sin á gcur i gcrích acu, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta a áirithiú go bhfuil na taraifí tarchuir agus dáileacháin neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir leis an gcostas, agus ba cheart dóibh a chur san áireamh na costais ghréasáin fhadtéarmacha, imeallacha arna seachaint ar toradh iad ar bhearta bainistithe ar thaobh an éilimh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 1(1) den Treoir sin:

'Bunaítear leis an Treoir seo rialacha comhchoiteanna maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gáis nádúrtha. Leagtar síos léi rialacha mionsonraithe a bhaineann le heagrú agus feidhmiú earnáil an gháis nádúrtha, rochtain ar an margadh, na critéir agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le húdaruithe a dheonú i ndáil le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gáis nádúrtha agus oibriú na gcóras.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 2 den Treoir sin:

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

4. ciallaíonn “oibreoir córais tarchuir” duine nádúrtha nó duine dlítheanach a dhéanann feidhm an tarchuir agus atá freagrach as an gcóras tarchuir i limistéar áirithe agus, i gcás inarb infheidhme, na hidirnaisc atá aige le gréasáin eile, a oibriú, a áirithiú go ndéanfar é nó iad a chothabháil agus, más gá, é nó iad a fhorbairt, agus atá freagrach as acmhainn fhadtéarmach an chórais a áirithiú freastal ar éileamh réasúnta maidir le gás a tharchur;

[...]

6. ciallaíonn “oibreoir córais dáileacháin” duine nádúrtha nó duine dlítheanach a dhéanann dáileadh agus atá freagrach as an gcóras dáileacháin i limistéar áirithe agus, i gcás inarb infheidhme, na hidirnaisc atá aige le gréasáin eile, a oibriú, a áirithiú go ndéanfar é a chothabháil agus, más gá, é a fhorbairt, agus atá freagrach as acmhainn fhadtéarmach an chórais freastal ar éileamh réasúnta maidir le gás a dháileadh a áirithiú;

[...]

9. ciallaíonn “saoráid stórála” saoráid a úsáidtear chun gás nádúrtha a stocáil agus atá faoi úinéireacht agus/nó á hoibriú ag gnóthas gáis nádúrtha, lena n-áirítear an chuid de shaoráidí GNL a úsáidtear le haghaidh stórála ach nach n-áirítear léi an chuid a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí táirgthe, agus nach n-áirítear léi saoráidí a fhorchoimeádtar go heisiach le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha agus iad i mbun a bhfeidhmeanna;

10. ciallaíonn “oibreoir saoráide stórála” duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm na stórála agus atá freagrach as saoráid stórála a oibriú;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 39 den Treoir sin, dar teideal ‘Ainmniú agus neamhspleáchas údarás rialála’:

‘1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás rialála náisiúnta amháin ar an leibhéal náisiúnta.

[...]

4. Áiritheoidh na Ballstáit neamhspleáchas an údaráis rialála agus áiritheoidh siad go bhfeidhmeoidh sé a chuid cumhachtaí ar bhealach atá neamhchlaonta trédhearcach. Chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit, agus na cúraimí rialála a thugtar dóibh leis an Treoir seo agus le reachtaíocht ghaolmhar á gcomhlíonadh acu, go mbeidh an méid seo a leanas amhlaidh i leith an údaráis rialála:

(a) beidh sé neamhspleách ó thaobh dlí agus feidhme de ar aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile;

(b) áiritheoidh sé, maidir lena bhaill foirne agus na daoine atá freagrach as é a bhainistiú:
(i) go ngníomhóidh siad go neamhspleách ó aon leas margaidh; agus

(ii) nach ndéanfaidh siad treoracha díreacha a lorg ná a ghlacadh ó aon eintiteas rialtais ná aon eintiteas poiblí ná príobháideach eile agus na cúraimí rialála á gcomhlíonadh acu. Tá an ceanglas sin gan dochar don dlúthchomhar, de réir mar is iomchuí, le húdaráis náisiúnta ábhartha eile nó do threoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint ag an rialtas nach mbaineann leis na cumhachtaí agus dualgais rialála faoi Airteagal 41.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 40 de Threoir 2009/73, dar teideal 'Cuspóirí ginearálta an údaráis rialála':

'I ndéanamh na gcúraimí rialála a shonraítear sa Treoir seo, déanfaidh an t-údarás rialála gach beart réasúnta chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach faoi chuimsiú a chuid dualgas agus cumhachtaí mar a leagtar síos in Airteagal 41 iad, i ndlúthchomhar, i gcás inarb iomchuí, le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis iomaíochta agus gan dochar dá gcumhachtaí:

[…]

(f) a áirithiú go ndéanfar dreasachtaí iomchuí a dheonú d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí córais, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, chun éifeachtúlachtaí a mhéadú i bhfeidhmíocht na gcóras agus chun comhtháthú na margaí a chothú;

[…]'

8 Foráiltear le hAirteagal 41(1) den Treoir sin, dar teideal 'Dualgais agus cumhachtaí an údaráis rialála':

'1. Beidh na dualgais seo a leanas ar an údarás rialála:

(a) taraifí tarchurtha nó dáileacháin nó na modheolaíochtaí a ghabhann leo a shocrú nó a fhormheas, i gcomhréir leis na critéir thrédhearcacha;

[…]

(n) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha rochtana ar stóráil, línephacáil agus seirbhísí coimhdeacha eile mar a fhoráiltear dóibh in Airteagal 33. Sa chás go saineofar na rialacha rochtana ar stóráil de réir Airteagal 33(3), ní chuirfear athbhreithniú ar tharaifí san áireamh leis an gcúram sin;

[…]

6. Beidh na húdaráis rialála freagrach as a shocrú nó a fhormheas, fada go leor roimh a dteacht i bhfeidhm, ar a laghad na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad seo a leanas a ríomh nó chun na téarmaí agus na coinníollacha ina leith a leagan síos:

(a) ceangal le gréasáin náisiúnta agus rochtain orthu, lena n-áirítear taraifí tarchuir agus dáileacháin, agus téarmaí, coinníollacha agus taraifí maidir le rochtain ar shaoráidí GNL. Fágfaidh na taraifí nó na modheolaíochtaí gur féidir na hinfheistíochtaí is gá i ngréasáin agus i saoráidí GNL a dhéanamh ar bhealach lenar féidir leis na hinfheistíochtaí sin inmharthanacht na ngréasán agus na saoráidí GNL a áirithiú;

[...]

8. Agus na taraifí nó na modheolaíochtaí agus na seirbhísí cothromaíochta á socrú nó á bhformheas acu, áiritheoidh na húdaráis rialála go dtabharfar dreasacht iomchuí do na hoibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, chun cur le héifeachtúlachtaí, chun comhtháthú an mhargaidh agus slándáil an tsoláthair a chothú agus chun tacú leis na gníomhaíochtaí taighde gaolmhara.

[...]

16. Cinntí a dhéanfaidh údaráis rialála, beidh siad lánréasúnaithe lánmhínithe ionas gur féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Beidh na cinntí ar fáil go poiblí agus caomhnófar rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de san am céanna.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 715/2009

9 Tá na focail seo a leanas in aithrisí 7 agus 8 de Rialachán Uimh. 715/2009:

'(7) Is gá na critéir a shonrú a gcinnfear na taraifí maidir le rochtain ar an ngréasán dá réir, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad go hiomlán prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus riachtanais an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith agus chun go gcuirfear san áireamh ina iomláine an gá atá le sláine an chórais agus go léireofar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais trédhearcach, agus, ag an am céanna, fáltas iomchuí ó infheistíocht á áireamh ann, agus, i gcás inarb iomchuí, go gcuirfear san áireamh tagarmharcáil na dtaraifí a dhéanfaidh na húdaráis rialála.

(8) Le linn taraifí a ríomh maidir le rochtain ar ghréasáin, tá sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh na costais iarbhír a tabhaíodh, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, chomh maith leis an ngá go soláthrófar fáltas iomchuí ar infheistíochtaí agus dreasachtaí chun bonneagar nua a thógáil lena n-áirítear cóir speisialta rialála le haghaidh infheistíochtaí nua mar a fhoráiltear i dTreoir [2009/73]. Chuige sin, agus go háirithe más ann d'iomaíocht éifeachtach píblíne go píblíne, beidh sé ábhartha go ndéanfaidh na húdaráis rialála tagarmharcáil ar na taraifí.'

10 Leagtar amach mar a leanas le hAirteagal 1 den Rialachán sin:

‘Is é is aidhm don Rialachán seo:

(a) rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar chórais tarchuir gáis nádúrtha a shocrú, agus saintréithe speisialta na margaí náisiúnta agus na margaí réigiúnacha á gcur san áireamh, d’fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh sa ghás a áirithiú;

(b) rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar shaoráidí GNL agus ar shaoráidí stórála a shocrú, agus saintréithe speisialta na margaí náisiúnta agus na margaí réigiúnacha á gcur san áireamh [...]

[...]

Áireofar sna cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo prionsabail chomhchuibhithe a shocrú i gcomhair taraifí, nó le haghaidh na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, le haghaidh rochtana ar an ngréasán, ach ní ar saoráidí stórála [...]

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, cé is moite d’Airteagal 19(4), ach amháin maidir le saoráidí stórála a thagann faoi Airteagal 33(3) nó (4) de Threoir [2009/73].

[...]’

11 Foráiltear leis an gcéad agus an tríú fomhír d’Airteagal 13(1) den Rialachán sin mar seo a leanas:

‘Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 41(6) de Threoir [2009/73], chomh maith leis na taraifí arna bhfoilsiú de bhun Airteagal 32(1) den Treoir sin, beidh siad trédhearcach, cuirfear san áireamh iontu an gá atá le sláine an chórais agus le feabhas a chur ar shláine an chórais agus déanfaidh siad léiriú a thabhairt ar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus atá inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, agus cuirfidh siad san áireamh toradh iomchuí ar infheistíochtaí, agus i gcás inarb iomchuí, cuirfidh siad san áireamh an tagarmharcáil a dhéanann na húdaráis rialála ar tharaifí. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, cuirfear i bhfeidhm ar shlí neamh-idirdhealaitheach iad.

[...]

Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, éascóidh siad an trádáil éifeachtúil sa ghás agus éascóidh siad an iomaíocht, agus ag am céanna seachnóidh siad crosfhóirdheontais idir úsáideoirí gréasán agus soláthróidh siad dreasachtaí don infheistíocht agus chun an idir-inoibritheacht a chothabháil nó a chruthú do chórais tarchuir.’

Rialachán (AE) 2017/460

12 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2017/460 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchuir gáis (IO 2017 L 72, lch. 29) go mbunaítear leis an Rialachán sin cód gréasáin lena leagtar síos rialacha ar

chineálacha éagsúla struchtúr taraife chomhchuibhithe ar tharchuir gáis, lena n-áirítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm mhodh na bpraghsanna tagartha, oibleagáidí gaolmhara maidir le praghsanna cúltaca le haghaidh táirgí acmhainne caighdeánaí a cheadú, a fhoilsiú agus a ríomh.

13 Leagtar amach in Airteagal 30 den Rialachán sin, dar teideal 'Faisnéis atá le foilsiú roimh an tréimhse tharaife' mar a leanas, i mír 1:

'Foilseoidh an t-údarás rialála náisiúnta nó an t-oibreoir córais tarchuir an fhaisnéis seo a leanas roimh an tréimhse tharaife i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 31 agus in Airteagal 32, de réir mar a chinnfidh an t-údarás rialála náisiúnta:

[...]

(b) an fhaisnéis seo a leanas:

(i) an t-ioncam údaraithe nó an sprioc-ioncam, nó iad araon, d'oibreoir córais tarchur;

(ii) an fhaisnéis atá bunaithe ar athruithe ar an ioncam dá dtagraítear i mír (i) ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile;

(iii) na paraiméadair seo a leanas:

[...]
(2) costas caipitil agus a mhodheolaíocht ríofa;
(3) caiteachas chaipitiúil, lena n-áirítear:

[...]
(4) caiteachas oibríochtúil;
(5) sásraí dreasachta agus na spriocanna éifeachtúlachta;
(6) innéacsanna boilscithe;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Laitvia

An Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí

14 I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den likums 'Par sabiedrisko pakalpojumu regulatoriem' (an Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí) an 19 Deireadh Fómhair 2000 (*Latvijas Vēstnesis*, 2000, Uimh. 394), is comhlacht dlí phoiblí é údarás rialála na Laitvia, atá neamhspleách ar leibhéal institiúideach agus feidhmiúil agus atá uathrialach maidir leis an mbuiséad arna fhormheas ag an dlí a chur chun feidhme. Is é ceann amháin de na cúraimí sin atá air ná soláthar seirbhísí poiblí i réimse an tsoláthair gáis nádúrtha a rialáil.

15 Foráiltear le hAirteagal 9(1)(2) den Dlí sin go socróidh údarás rialála na Laitvia an mhodheolaíocht chun taraifí nó caidhpeanna taraife a ríomh agus a shocrú, chomh maith leis na rialacha mionsonraithe maidir le taraifí nó caidhpeanna taraife a chur i bhfeidhm, ar choinníoll nach leagtar síos prionsabail taraife eile le reachtaíocht earnála shonrach.

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 9(2) den Dlí sin:

‘Laistigh de theorainneacha a chumhachtaí agus a inniúlachtaí, glacfaidh [údarás rialála na Laitvia] cinntí agus gníomhartha riaracháin go neamhspleách atá ceangailteach ar sholáthraithe agus ar úsáideoirí na seirbhísí poiblí lena mbaineann.’

17 De réir Airteagal 20(1) den Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí:

‘Socrófar na taraifí ar leibhéal a fhágfaidh go gcumhdóidh a n-íocaíocht ó úsáideoirí costais na seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áiritheofar a mbrabúsacht, ar choinníoll nach bhforáiltear do phrionsabail taraife eile sa reachtaíocht shonrach earnála sin. I gcás athrú ar fhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar na taraifí, amhail an bhrabúsacht, féadfaidh an t-údarás rialála athbhreithniú taraife a thionscnamh agus ceangal a chur ar an soláthraí seirbhíse poiblí dréacht-taraifí a chur isteach, laistigh de thréimhse shonraithe, mar aon le húdar leis na costais chomhpháirteacha a bhaineann leo.’

An cinneadh maidir leis an modheolaíocht

18 Leagadh síos leis an sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisijas padomes lēmums Nr. 1/23 kapitāla atdeves likmes aprēķināšanas metodika (Cinneadh ó Choiste Rialála Rialacháin Uimh. 1/23 lena mbunaítear modheolaíocht ríomha ráta toraidh ar chaipiteal) an 13 Lúnasa 2018 (‘an cinneadh maidir leis an modheolaíocht’) na rialacha mionsonraithe le haghaidh an ráta toraidh ar chaipiteal a ríomh agus a chur i bhfeidhm chun dréacht-taraifí na seirbhísí rialálaithe a leagan síos, lena n-áirítear seirbhísí córais dáiliúcháin gháis nádúrtha. Go sonrach, leagtar amach leis an gcinneadh sin foirmle ríofa an meánráta ualaithe de thoradh ar chaipiteal i dtéarmaí réadacha.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 De bhun an chinnidh maidir leis an modheolaíocht, ghlac Bord Údarás Rialála na Laitvia an cinneadh atá faoi chonspóid lenar mheas sé go ndéanann an t-oibreoir córais tarchurtha gáis nádúrtha, an t-oibreoir córais dáileacháin gáis nádúrtha agus an t-oibreoir saoráide stórála gáis nádúrtha an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal a chur i bhfeidhm i dtéarmaí réadacha.

20 Agus an ráta toraidh ar chaipiteal cothromais, an ráta toraidh ar chaipiteal a fuarthas ar iasacht á gcur san áireamh, arna ríomh i gcomhréir leis an gcinneadh maidir leis an modheolaíocht, an ráta cánach corparáide agus na meánathruithe bliantúla ar phraghsanna do thomhaltóirí le linn na 5 bliana féilire roimhe sin, chinn údarás rialála na Laitvia, i gcás oibreoir a thagann, de réir na sonraí sa tuarascáil bhliantúil is déanaí atá ar fáil, faoi chatagóir na bhfiontar meánmhéide nó mór, nach mór an ráta toraidh ar chaipiteal a shocrú ag 2.65 %, ach i gcás oibreoir a thagann faoi chatagóir na micrifhiontar nó na bhfiontar beag, ba cheart an ráta sin a shocrú ag 4.37 %.

21 Luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid go bhfuil an ráta toraidh 2.65 % comhsheasmhach leis an staid ar na margaí airgeadais agus gur toradh é ar mheasúnú leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le cistí a thiomsú, agus ar an gcaoi sin go ráthaítear an fhéidearthacht don oibreoir córais tarchurtha gáis nádúrtha, don oibreoir córais dáileacháin gáis nádúrtha agus d'oibreoir na saoráide stórála gáis nádúrtha iasachtaí a mhaoiniú, infheistíocht a dhéanamh in athnuachan agus i bhforbairt na líonraí agus toradh réasúnta a fháil, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh úsáideoirí in ann tairbhe a bhaint as seirbhísí poiblí leanúnacha, sábháilte agus ardcháilíochta, a gcomhfhreagraíonn a dtaraifí (praghsanna) do chostais a bhfuil údar eacnamaíoch leo.

22 Thug Gaso, arb é oibreoir an chórais dáileacháin gáis nádúrtha sa Laitvia, agus Conexus Baltic Grid, a oibríonn an córas tarchurtha gáis nádúrtha agus an tsaoráid stórála sa Bhallstát sin, caingean chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní os comhair an Administratīvā apgabaltiesa (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

23 Mar thaca lena gcaingne, maíonn na cuideachtaí sin gur sháraigh údarás rialála na Laitvia a chumhachtaí, go ndearna sé earráidí tromchúiseacha nós imeachta agus substainteacha chun na critéir agus i ríomh an ráta toraidh ar chaipiteal a chinneadh, agus gur mhainnigh sé a oibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh tríd an ráta sin a shocrú ar leibhéal thar a bheith íseal. Go háirithe, sáraíonn an cinneadh atá faoi chonspóid Treoir 2009/73, lena bhforchuirtear oibleagáid ar na húdaráis rialála náisiúnta, *inter alia*, forbairt agus feidhmiú an mhargaidh gáis nádúrtha a chur chun cinn trí dhreasachtaí leordhóthanacha a thabhairt d'infheisteoirí chun na hinfheistíochtaí bonneagair is gá a dhéanamh. Sáraítear leis an gcinneadh sin freisin Rialachán Uimh. 715/2009, lena gceanglaítear ar na húdaráis sin toradh iomchuí ar na hinfheistíochtaí arna ndéanamh a chur san áireamh agus taraifí á gcinneadh acu.

24 Sa chomhthéacs sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ar an gcéad dul síos, go bhfuil Airteagal 40(f) agus Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, arna léamh i gcomhar le haithrisí 7 agus 8 de, ábhartha chun an díospóid atá os a comhair a réiteach.

25 Ar an dara dul síos, cuireann sí in iúl, cé gur léir ó na forálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, agus taraifí le haghaidh rochtain ar na córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha á gcinneadh acu, nach mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le 'toradh iomchuí ar infheistíocht', nach léirítear leis na forálacha sin an méid atá le tuiscint ón bhfrása sin, nach raibh deis ag an gCúirt rialú ina leith go fóill. Dá réir sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil treoir shoiléir aici chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na modheolaíochta a lean údarás rialála na Laitvia le dlí an Aontais chun an ráta toraidh ar chaipiteal a cuireadh i bhfeidhm sa chás os a comhair a shocrú.

26 Ar an tríú dul síos, tugann an chúirt sin dá haire go bhforáiltear leis an Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí do chreat rialála nach bhfuil foráil ann a fhreagraíonn do na forálacha in Airteagail 40 agus 41 den Treoir sin, a bhaineann, faoi seach, le cuspóirí ginearálta na n-údarás rialála náisiúnta agus lena gcúraimí agus lena gcumhachtaí. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, de réir gach dóchúlachta, nach gcumhdaítear le hAirteagal 20(1) den Dlí sin, ar an mbonn a ghlac údarás rialála na Laitvia an cinneadh atá faoi chonspóid, na cuspóirí uile dá dtagraítear i bhforálacha na Treorach sin dá dtagraítear i mír 24 den bhreithiúnas seo, go háirithe maidir leis an gceart atá ag soláthraí seirbhíse poiblí rialálaithe tairbhe a bhaint as dreasachtaí iomchuí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon. Ardaítear an cheist, dá bhrí sin, an ndearnadh forálacha na Treorach sin a thrasuí i gceart i ndlí na Laitvia.

27 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, i bhfianaise fhorálacha Threoir 2009/73 agus fhorálacha Rialachán Uimh. 715/2009, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil Airteagal 13(1) den Rialachán sin infheidhme chun an taraif ar rochtain ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha a chinneadh, atá á oibriú, sa chás seo, ag Conexus Baltic Grid. Ag brath ar chineál roghnach na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 33(3) agus (4) de Threoir 2009/73, measann an chúirt sin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 13(1) den Rialachán sin, lena leagtar síos na coinníollacha atá le comhlíonadh ag na taraifí arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí córais tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála i gcomhréir le hAirteagal 41(6) de Threoir 2009/73, agus ag na taraifí a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 32(1) den Treoir sin, ach amháin maidir le taraifí le haghaidh seirbhísí córais tarchurtha gáis nádúrtha agus nach gcumhdaítear leis socrú na dtaraifí a bhaineann le rochtain ar shaoráidí stórála an gháis sin.

28 Sna himthosca sin, chinn an Administratīvā apgabaltiesa (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcuirtear cosc le hAirteagal 41(8) de Threoir [2009/73] ar riail náisiúnta nach bhforchuirtear an oibleagáid ar an údarás rialála léi údar a thabhairt, agus taraifí á ríomh aige nó modheolaíochtaí á mbunú aige, leis an gcaoi a ráthaítear dreasacht iomchuí d’oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, chun cur le héifeachtúlacht, chun comhtháthú sa mhargadh agus seasmhacht an tsoláthair a chur chun cinn agus chun tacú le gníomhaíochtaí taighde lena mbaineann?

(2) An bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Threoir [2009/73] léiriú a dhéanamh ar riail náisiúnta amhail go bhforáiltear léi do dhreasacht iomchuí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a ráthú, chun cur le héifeachtúlacht, chun comhtháthú sa mhargadh agus seasmhacht an tsoláthair a chur chun cinn agus chun tacú le gníomhaíochtaí taighde lena mbaineann, i gcás nach mbaineann íocaíocht na dtaraifí arna déanamh ag úsáideoirí ach le costais seirbhíse poiblí lena bhfuil údar eacnamaíoch agus lena ráthaítear íosleibhéal brabúsachta ar a laghad?

(3) An bhfuil riail náisiúnta i gcomhréir leis na cuspóirí arna sainiú in Airteagal 41(8) de Threoir [2009/73] nuair nach bhforáiltear inti go gcuirfear san áireamh, fad a shocraítear ‘dreasacht iomchuí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma’ chomh maith le dreasachtaí “chun comhtháthú sa mhargadh, seasmhacht an tsoláthair agus gníomhaíochtaí taighde a chur chun cinn”, na prionsabail arna nglacadh san earnáil airgeadais leis an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal a shocrú, ar prionsabail iad lena gcuirtear san áireamh gnóthais inchomparáide atá ag feidhmiú sa saormhargadh?

(4) Agus léiriú á dhéanamh ar na coincheapa “toradh iomchuí ar infheistíochtaí” de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán [Uimh. 715/2009] agus “dreasachtaí don infheistíocht” chun críocha Airteagal 41 de Threoir 2009/73, an gcaithfidh an t-údarás rialála gabháil le coincheap an mheánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal [meánchostas ualaithe an chaipitil (WACC)] agus leis an modheolaíocht a bhfuil glactha leis san earnáil airgeadais chun an ráta sin a shocrú?

(5) Má thugtar freagra dearfach ar an gceist roimhe seo, an féidir leis an údarás rialála claonadh go dlisteanach ó leas a bhaint as an modheolaíocht a bhfuil glactha leis san earnáil airgeadais agus meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal á shocrú aige, agus an ráta sin a choigeartú mar is cuí leis?

(6) Má thugtar freagra dearfach ar an gceist roimhe seo, an féidir leis an údarás rialála an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal a choigeartú go dlisteanach, ionas go gcuirtear biseach méide bunaithe ar chostais iasachta na ngnóthas eile i ngeilleagar an Bhallstáit san áireamh ina mhodh ríofa?

(7) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 4, an féidir leis an údarás rialála an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal a choigeartú go dlisteanach, ionas nach gceanglaítear air an méadú ar tháinig ar bhoilsciú le linn na tréimhse taraife roimhe sin a chúiteamh leis an oibreoir córais tarchurtha agus stórála gáis nádúrtha?

(8) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 5, agus i gcás nach n-aontaíonn oibreoir an chórais le méid an mheánráta toraidh ar chaipiteal arna mholadh ag an údarás rialála nó leis na bunúis atá leis, an gcaithfidh an t-údarás rialála, fad a shocraítear meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal (meánchostas ualaithe an chaipitil), dul i muinín tríú páirtí neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar mhéid iomchuí an ráta sin?

(9) An bhfuil nós imeachta socraithe taraifí ar neamhréir leis na cuspóirí arna sainiú in Airteagal 41(8) de Threoir [2009/73] ar faoina réir a shocraíonn an t-údarás rialála an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal agus nach ndlitear don oibreoir córais tarchurtha agus stórála gáis nádúrtha an ríomh sin a choigeartú ar bhonn thásca aonair ghnóthas an oibreora córais?

(10) Maidir [leis an gcéad fhomhír d']Airteagal 1(b) de Rialachán [Uimh. 715/2009], arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír den Airteagal sin, an bhfuil léiriú le déanamh amhail go bhfuil feidhm ag aithrisí 7 agus 8 agus ag Airteagal 13(1) den Rialachán sin maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha agus maidir le taraifí arna socrú ag an údarás rialála i gcás ina bhfuil an rochtain ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha leachtaithe á rialú?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

29 Maíonn údarás rialála na Laitvia go bhfuil na ceisteanna a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur do-ghlactha.

30 Sa chéad áit, líomhnaíonn an t-údarás sin go bhfuil an chéad cheist hipitéiseach agus nach mbaineann sé le léiriú ar dhlí an Aontais ach ar an dlí náisiúnta. Dar leis go bhfuil an cheist sin bunaithe ar an mbonn bréagach go scaoiltear an t-údarás sin ón oibleagáid cúiseanna a lua maidir leis an modheolaíocht chun an ráta toraidh ar chaipiteal agus na rátaí toraidh féin a ríomh. Maíonn sé gur léir ón reachtaíocht náisiúnta, go háirithe Airteagal 67(2) den Administratīvā procesa likums (an Dlí maidir le nós imeachta riaracháin) go gceanglaítear ar an údarás sin cúiseanna a lua lena chinntí agus sa chás seo, go gcuirfeadh sé san áireamh forálacha an dlí is infheidhme, go háirithe Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus de Rialachán Uimh. 715/2009.

31 Sa dara háit, measann údarás rialála na Laitvia go bhfuil an dara go dtí an séú ceist leagtha amach i dtéarmaí róghinearálta agus nach mbaineann siad le léiriú dhlí an Aontais ach lena chur i bhfeidhm. Thairis sin, mar gheall ar a nginearáltacht, ní chuireann na coincheapa nó nathanna a úsáidtear sna ceisteanna sin ar chumas na Cúirte Breithiúnais freagra beacht a thabhairt orthu. Ar

deireadh, le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus le hAirteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 araon, ní fhorchuirtear ar na húdaráis rialála náisiúnta ach an cuspóir atá le baint amach, agus fágtar fúthu an rogha i dtaobh na modhanna nó na modheolaíochta chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ní ceist é roghnú na modhanna nó na modheolaíochta sin, nach bhfuil an chúirt a rinne an tarchur cinnte ina leith, maidir le léiriú dhlí an Aontais don Chúirt Bhreithiúnais, ach maidir lena chur i bhfeidhm a thagann faoi dhlínse na gcúirteanna náisiúnta.

32 Sa tríú háit, áitíonn údarás rialála na Laitvia nach mbaineann an dara, an t-ochtú agus an naoú ceist le léiriú dhlí an Aontais ach le léiriú an dlí náisiúnta. Go háirithe, maidir leis an dara ceist, ní úsáidtear an coincheap 'brabúsacht' i ndlí ábhartha an Aontais ach in Airteagal 20(1) den Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí.

33 Sa cheathrú háit, áitíonn údarás rialála na Laitvia nach bhfuil aon bhaint ag an gceathrú go dtí an t-ochtú ceist leis an staid fhíorasach agus dhlíthiúil atá ina saintréith den chás sna príomhimeachtaí agus nach bhfreagraíonn siad do riachtanas oibiachtúil chun an cás sin a réiteach a mhéid nach bhfuil feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 maidir leis na saoráidí stórála gáis nádúrtha dá bhfuil Conexus Baltic Grid ina oibreoir, sa chás seo, ná maidir leis an gcóras dáileacháin gáis nádúrtha a bhfuil a bhainistiú curtha de chúram ar Gaso sa Laitvia.

34 I ndáil leis sin, is cásdlí socair é, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon a chinneadh. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ag baint le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais agus, i gcás ina mbaineann na ceisteanna a cuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú le rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta le haghaidh réamhrialú ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *Sąd Rejonowy w Białymstoku agus Adoreikė*, C-146/23 agus C-374/23, EU:C:2025:109, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Ós rud é go bhfuil an t-ordú tarchuir mar bhonn leis na himeachtaí maidir le tarchur le haghaidh réamhrialú os comhair na Cúirte faoi Airteagal 267 CFAE, tá sé ríthábhachtach go soiléiríonn an chúirt náisiúnta, ina cinneadh, comhthéacs fíorasach agus reachtach na díospóide sna príomhimeachtaí agus go dtugann sí íosmhéid mínithe ar na cúiseanna le roghnú na bhforálacha de dhlí an Aontais a bhfuil léiriú orthu á iarraidh aici agus ar an nasc atá á bhunú aici idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid arna cur faoina bráid. Leagtar amach na ceanglais carnacha a bhaineann le hábhar iarrata ar réamhrialú go sainráite in Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais (breithiúnas an 12 Nollaig 2019, *Slovenské elektrárne*, C-376/18, EU:C:2019:1068, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Sa chás seo, i dtús báire, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil nasc soiléir ag forálacha Threoir 2009/73 agus ag Rialachán Uimh. 715/2009 leis an díospóid sna príomhimeachtaí, maidir le cinneadh a dhéanamh ar ráta toraidh ar chaipiteal, arna fhorchur ag údarás rialála an mhargaidh gás nádúrtha ar oibreoirí córais gáis nádúrtha de chuid Ballstáit, go háirithe, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na taraifí a chuireann na hoibreoirí sin i bhfeidhm.

37 Ansin, i dtaca leis an gceanglas a luaitear in Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú Threoir 2009/73 agus Rialachán Uimh. 715/2009 agus, ar an dara dul síos, leis an nasc a bhunaíonn sí idir an dá ghníomh sin de dhlí an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, ní mór a chinneadh go leagann an chúirt sin amach a measúnuithe féin amach maidir leis na ceisteanna atá aici faoi léiriú na ngníomhartha sin, go háirithe, Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 agus an nasc a bhunaíonn sí idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta sin, go háirithe maidir leis na ceanglais atá le cur san áireamh ag údarás rialála na Laitvia agus taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha á socrú.

38 Ar deireadh, maidir leis na ceisteanna a tharchuirtear a bhaineann le léiriú dhá ghníomh de dhlí an Aontais dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus a n-ábharthacht maidir le rochtain ar shaoráidí gáis nádúrtha arna n-oibriú ag Conexus Baltic Grid, is leor a mheabhrú, nuair nach cosúil ar bhealach follasach nach bhfuil aon bhaint ag léiriú forála de dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, nach mbaineann an agóid bunaithe ar neamhfheidhmeacht na forála sin i leith an cháis sna príomhimeachtaí le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú, ach baineann sé le substaint na gceisteanna (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Nollaig 2019, *Slovenské elektrárne*, C-376/18, EU:C:2019:1068, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Substaint an cháis

Barúlacha tosaigh

40 Lena deich gceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, trí ghné dhlíthiúla a bhaineann, ar an gcéad dul síos, le raon feidhme na bprionsabal taraife a leagtar síos in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 (an seachtú, an naoú agus an deichiú ceist) agus, ar an dara dul síos, le trasuí an choincheapa 'dreasachtaí iomchuí' sa dlí náisiúnta, de réir bhrí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, agus leis an oibleagáid atá ar an údarás rialála náisiúnta cúiseanna a lua (an chéad cheist agus an dara ceist) agus, ar an tríú dul síos, an chaoi nach mór don údarás sin, agus taraifí á ríomh agus á socrú aige, a ráthú go mbainfidh oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha tairbhe as dreasachtaí iomchuí den sórt sin agus/nó as 'toradh iomchuí ar infheistíochtaí', de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 (an tríú go dtí an naoú ceist).

41 Ní mór scrúdú a dhéanamh ar na trí gné dhlíthiúla áirithe sin san ord sin.

An seachtú, an naoú agus an deichiú ceist a bhaineann le raon feidhme na bprionsabal taraife dá bhforáiltear in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009

42 Lena seachtú, a naoú agus a deichiú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 le léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag prionsabail taraife a leagtar síos sna forálacha sin ní hamháin maidir le hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha ach maidir le saoráidí stórála don ghás sin freisin.

43 Eascraíonn an cheist sin as an gcinneadh atá faoi chonspóid, lena ndearna údarás rialála na Laitvia ráta comhionann toraidh ar chaipiteal a shocrú do Gaso, mar oibreoir an chórais dáileacháin gáis nádúrtha sa Laitvia, agus do Conexus Baltic Grid, mar oibreoir an chórais tarchurtha agus saoráidí stórála gáis nádúrtha sa tír sin. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a shoiléiriú, ós rud é nach dtagraíonn ach an deichiú ceist freisin, i ndeireadh na dála, do shaoráidí stórála gáis nádúrtha leachtaithe, gan na cúiseanna a bhfuil na saoráidí sin faoi ina n-ábhar don cheist sin a bheith leagtha amach san iarraidh ar réamhrialú, gur gá freagra na Cúirte a theorannú don seachtú, don naoú agus don deichiú ceist ar an gceist an bhfuil feidhm ag na rialacha taraife a leagtar síos in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha.

44 Leis na soiléirithe sin, ba cheart a mheabhrú go saothraítear le Treoir 2009/73 an cuspóir chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a bhaint amach atá oscailte agus iomaíoch go hiomlán agus go héifeachtach, trí rialacha comhchoiteanna a bhunú, mar is léir ó Airteagal 1(1) di, maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gáis nádúrtha (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *GRDF*, C-236/18, EU:C:2019:1120, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 I ndáil leis sin, sainítear agus déantar idirdhealú le hAirteagal 2(4), (6), (9) agus (10) den Treoir sin, faoi seach, idir an 'oibreoir córais tarchuir', an 'oibreoir córais dáileacháin', an 'saoráid stórála' agus an 'oibreoir saoráide stórála' gáis nádúrtha.

46 Ag an am céanna, mar a luaitear in aithrisí 23, 25 agus 32 di, féachtar leis an Treoir sin le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar na córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha a áirithiú tríd an gcúram a chur na húdaráis rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 41(1)(a) den Treoir sin, go háirithe 'taraifí tarchurtha agus dáileacháin nó a modheolaíochtaí a ghabhann leo a shocrú nó a fhormheas, i gcomhréir le critéir thrédhearcacha.'

47 Sonraítear le hAirteagal 41(6)(a) de Threoir 2009/73 go bhfuil na húdaráis rialála náisiúnta freagrach ar a laghad ar na modheolaíochtaí a úsáideadh chun na coinníollacha rochtana ar ghréasáin náisiúnta a shocrú nó a fhormheas, lena n-áirítear taraifí tarchuir agus leithdháilte.

48 Chomh maith leis sin, de réir Airteagal 41(8) den Treoir sin, '[a]gus na taraifí nó na modheolaíochtaí [...] á socrú nó á bhformheas acu, áiritheoidh na húdaráis rialála go dtabharfar dreasacht iomchuí [...] chun cur le héifeachtúlachtaí, chun comhtháthú an mhargaidh agus slándáil an tsoláthair a chothú agus chun tacú leis na gníomhaíochtaí taighde gaolmhara'.

49 Fágann sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha a bhaineann le taraifí dá bhforáiltear go háirithe in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 ach amháin maidir leis na hoibreoirí 'córais' tarchuir agus leithdháilte gáis nádúrtha, de réir bhrí Airteagal 2(4) agus (6) den Treoir sin, agus ní maidir le 'saoráidí stórála' gáis nádúrtha agus a n-oibreoirí, de réir bhrí Airteagal 2(9) agus (10) den Treoir sin.

50 Léirítear eisiamh sin na saoráidí stórála gáis nádúrtha freisin i bhforálacha Rialachán Uimh. 715/2009, lena leagtar síos, de réir a theideal, na 'coinníollacha le haghaidh rochtana ar na córais tarchuir gáis nádúrtha.'

51 Ar thaobh amháin, de bhun an dara mír d'Airteagal 1 den Rialachán sin, áirítear prionsabail chomhchuibhithe a shocrú i gcomhair taraifí, nó le haghaidh na modheolaíochtaí is bun lena ríomh sna cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin maidir le rochtain ar an gcóras, agus sin amháin, agus ní maidir le rochtain ar shaoráidí stórála. Ar an taobh eile, eascraíonn sé ó fhoclaíocht na chéad fhomhíre d'Airteagal 13(1) den Rialachán céanna nach bhfuil ach na hoibreoirí córas tarchuir gáis nádúrtha faoi réir bearta taraife agus oibleagáidí, *inter alia*, trédhearcacht agus neamh-idirdhealú taraife, a bhunaítear leis an bhforáil sin.

52 Mínítear an difríocht i bprionsabal sna rialacha taraife idir na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le 'gréasáin' agus na rialacha is infheidhme maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha, mar a chuir an Coimisiún Eorpach in iúl, mar is ceart, leis an bhfíoras nach meastar go ginearálta gur monaplachtaí nádúrtha iad na saoráidí sin, murab ionann agus na 'gréasáin', agus go bhféadfadh siad, dá bhrí sin, dul in iomaíocht le saoráidí eile. Sin an fáth, mar a bheartaítear le haithrisí 23 agus 24 de Treoir 2009/73, go mbunaítear le Treoir 2009/73 rialacha sonracha a bhaineann le saoráidí stórála gáis nádúrtha, lena n-áirítear Airteagal 33 di, lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rochtain ar na saoráidí sin, i gcreat idirbheartaithe, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal sin, nó laistigh de chreat rialálaithe, i gcomhréir le mír 4 den Airteagal sin, ach faoi choinníollacha áirithe.

53 Is amhlaidh fós, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 45 dá Thuairim, nach gcuireann an Treoir sin ná Rialachán Uimh. 715/2009 toirmeasc ar na húdaráis rialála náisiúnta síneadh a chur leis na prionsabail taraife a leagtar síos, faoi seach, in Airteagal 41(8) den Treoir sin agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) den Rialachán sin, lena rialaítear 'gréasáin' gáis nádúrtha, chun rochtain ar na saoráidí sin a chuimsiú.

54 Go bunúsach, mar atá tugtha faoi deara ag an gCoimisiún, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh cúiseanna oibiachtúla, amhail saintréithe teicniúla sonracha nó tábhacht na saoráidí stórála do shlándáil an tsoláthair fuinnimh i gcríoch Ballstáit amháin nó níos mó, údar a thabhairt d'údarás rialála náisiúnta na prionsabail taraife a chuireann sé i bhfeidhm maidir le córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha a leathnú chun rochtain ar na saoráidí stórála sin a chuimsiú.

55 I bhfianaise an mhéid sin go léir, is é an freagra ar an seachtú, an naoú agus an deichiú ceist nach mór Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag na prionsabail taraife a leagtar síos sna forálacha sin maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha de chuid Ballstáit, gan dochar don fhéidearthacht atá ag na húdaráis rialála náisiúnta na prionsabail taraife sin a leathnú chuig chun ar na saoráidí sin a chuimsiú ar fhorais a bhfuil údar oibiachtúil leo.

An chead agus an dara ceist a bhaineann leis an gcoincheap 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 a thrasuí sa dlí náisiúnta, agus oibleagáid an údaráis rialála náisiúnta cúiseanna a lua

56 Leis an gcéad dá cheist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 41(8) agus (16) de Threoir 2009/73 le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina ráthaítear 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí Airteagal 41(8), leis an bhfíoras amháin go gcumhdaíonn taraifí arna n-íoc ag úsáideoirí na costais seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áirithítear brabúsacht leo, fiú brabúsacht íosta, gan a fhorchur ar an údarás rialála náisiúnta oibleagáid cúiseanna a lua maidir leis an gcaoi atá beartaithe aige chun go mbainfidh oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha tairbhe as 'dreasacht iomchuí'.

57 Mar réamhbharúil, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eascraíonn na ceisteanna sin as an amhras, de chineál ginearálta, atá ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73 a thrasuí i gceart i ndlíchóras na Laitvia. Measann an chúirt sin go bhfuil na cuspóirí dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, i gcomhthéacs taraifí a shocrú, níos leithne ná na cuspóirí a leagtar síos le dlí na Laitvia, go háirithe, in Airteagal 20(1) den Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí, ar dá réir nach mór d'údarás rialála na Laitvia a áirithiú go socrófar taraifí ar bhealach go gcumhdófar lena n-íocaíocht costais na seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áiritheofar brabúsacht.

58 Maidir le forálacha Threoir 2009/73 a bhaineann le hoibleagáidí na n-údarás rialála náisiúnta maidir le taraifí oibreoirí córas tarchuir agus leithdháilte gáis nádúrtha, is léir ó Airteagal 41(6)(a) den Treoir sin go bhfuil na húdaráis sin freagrach as na modheolaíochtaí a úsáidtear chun na coinníollacha rochtana ar na córais náisiúnta gáis nádúrtha a ríomh nó a bhunú, lena n-áirítear taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha, a shocrú nó a fhormheas. Luaitear san fhoráil sin nach mór do na taraifí sin a bheith in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh ar mhaithe le hinmharthanacht na ngréasán.

59 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 41(8) den Treoir sin, agus na taraifí nó na modheolaíochtaí á socrú nó á bhformheas acu, nach mór do na húdaráis rialála náisiúnta a áirithiú 'go dtabharfar dreasacht iomchuí do na hoibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, chun cur le héifeachtúlachtaí, chun comhtháthú an mhargaidh agus slándáil an tsoláthair a chothú agus chun tacú leis na gníomhaíochtaí taighde gaolmhara'.

60 Thairis sin, faoi Airteagal 41(16) den Treoir sin, ní mór do na húdaráis rialála náisiúnta na cúiseanna atá lena gcinntí a lua go hiomlán agus údar a thabhairt leo ionas gur féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh.

61 Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 41(6)(a) agus (8) agus (16) de Threoir 2009/73, arna léamh i bhfianaise aithris 32 di, ar na húdaráis rialála náisiúnta, ar dháta glactha na modheolaíochta chun taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a ríomh, nó nuair a shocraítear na taraifí sin go nithiúil, foráil a dhéanamh, chomh maith leis na costais iarbhír a íocann oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin chun rochtain orthu a áirithiú a chuimsiú, ar thaobh amháin, maidir leis na hinfheistíochtaí is gá chun go mbeidh na gréasáin sin inmharthana agus, ar an taobh eile, maidir le 'dreasacht iomchuí', sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena gcuirtear ar chumas na n-oibreoirí sin saothrú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 a

áirithiú agus tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san fhoráil sin, agus oibleagáid á cur orthu ag an am céanna go mbeidh a gcinntí lánréasúnaithe lánmhínithe ionas gur féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh.

62 Maidir le hAirteagal 41(8) den Treoir sin a thrasuí i ndlí na Laitvia, ní léir ón gcomhad atá ag an gCúirt Bhreithiúnas go n-atáirgtear go sainráite sa Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí an oibleagáid atá ar údarás rialála na Laitvia foráil a dhéanamh, ar dháta glactha na modheolaíochta chun taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a ríomh, nó nuair a shocraítear na taraifí sin nithiúil, maidir leis an 'dreasacht iomchuí' dá dtagraítear in Airteagal 41(8). Go sonrach, mar a cuireadh in iúl i mír 57 den bhreithiúnas seo, ní cheanglaítear le hAirteagal 20(1) den Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí, arb é an t-aon foráil den dlí sin atá ábhartha atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur, ar údarás náisiúnta na Laitvia ach a féachaint chuige go socrófar taraifí ar leibhéal a fhágfaidh go gcumhdófar leis na taraifí a íocfaidh na húsáideoirí na costais seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áiritheofar brabúsacht.

63 I ndáil leis sin, is cosúil go dtagraíonn an coincheap 'brabúsacht' sa dlí sin don smaoineamh go bhféadfaidh oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha corrlach brabúis réasúnta a fháil, gan a shonrú, áfach, na críocha ar cheart an brabús sin a shannadh dóibh, i bpáirt ar a laghad. Is cosúil, dá bhrí sin, go bhfuil raon feidhme níos ginearálta ag an gcoincheap sin agus nach bhfuil sé chomh dírithe céanna ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú an mhargaidh sa ghás nádúrtha a bhaint amach agus atá an 'dreasacht iomchuí', dá dtagraítear in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73.

64 An méid sin ráite, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm, go gceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta é a léiriú, a mhéid is féidir, i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir na Treorach atá i gceist chun an toradh atá á lorg leis an Treoir a bhaint amach agus, dá bhrí sin, an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE a chomhlíonadh. Tá an oibleagáid sin an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais ina cuid dhílis de chóras Chonradh FAE sa mhéid is go gceadaítear léi do chúirteanna náisiúnta, maidir le hábhar laistigh dá ndlínse, éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú nuair a chinneann siad na díospóidí atá os a gcomhair (breithiúnais an 5 Márta 2020, *OPR-Finance*, C-679/18, EU:C:2020:167, mír 41, agus an 26 Meitheamh 2025, *Makeleio agus Zougla*, C-555/23 agus C-556/23, EU:C:2025:484, mír 85).

65 Ina theannta sin, leis an bprionsabal nach mór an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta gach beart a dhéanamh laistigh dá ndlínse, agus a ndlí náisiúnta uile á gcur san áireamh agus na modhanna léiritheacha a aithnítear leis an dlí sin á gcur i bhfeidhm, chun lánéifeacht na Treorach atá i gceist a áirithiú agus chun teacht ar thoradh atá comhsheasmhach leis an gcuspóir atá á shaothrú aici (breithiúnais an 5 Márta 2020, *OPR-Finance*, C-679/18, EU:C:2020:167, mír 42 agus an 26 Meitheamh 2025, *Makeleio agus Zougla*, C-555/23 agus C-556/23, EU:C:2025:484, mír 86).

66 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú an féidir a dlí náisiúnta, go háirithe Airteagal 20(1) den Dlí maidir le húdaráis rialála na seirbhísí poiblí, a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá i gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73, ionas go bhfágann an bhrabúsacht nach mór a ráthú do na hoibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha freisin go dtairbhíonn siad, agus an méid sin á dhéanamh, ó 'dhreasacht iomchuí', dá dtagraítear in Airteagal 41(8). D'fhéadfadh ráthaíocht ráta toraidh áirithe a bheith ina dreasacht iomchuí atá ceaptha na hoibreoirí córais lena mbaineann a spreagadh chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 a shaothrú agus tacú leis na gníomhaíochtaí sin.

67 Mar sin féin, i gcás a measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil léiriú den sórt sin i gcomhréir le dlí an Aontais dodhéanta, bheadh sé riachtanach a fhíorú an bhfuil an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 sách beacht agus neamhchoinníollach chun a mheas go bhfuil éifeacht dhíreach aici agus gur féidir le daoine aonair, amhail oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha, brath uirthi i gcoinne cinneadh ó údarás poiblí amhail údarás rialála na Laitvia, chun a chur ar chumas na cúirte sin gan Airteagal 20(1) den Dlí maidir le hÚdaráis Rialála na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm.

68 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go bhfuil daoine aonair, i ngach cás ina bhfuil forálacha treorach, ó thaobh a n-ábhair de, neamhchoinníollach agus sách beacht, i dteideal brath orthu os comhair na gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an Stáit i gcás inar mhainnigh an Stát an treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta in am, nó nuair atá sí trasuite go mícheart aige (breithiúnas an 8 Márta 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)*, C-205/20, EU:C:2022:168, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear).

69 Shoiléirigh an Chúirt go bhfuil foráil de dhlí an Aontais, sa chéad áit, neamhchoinníollach i gcás ina leagtar amach oibleagáid léi nach bhfuil faoi réir aon choinníoll agus nach bhfuil, ina forghníomhú ná ina héifeachtaí, faoi réir idirghabháil aon ghníomh ó institiúidí an Aontais ná ó na Ballstáit agus, sa dara háit, sách beacht le bheith á hagairt ag dlíthí agus le bheith curtha i bhfeidhm ag an gcúirt nuair a leagtar amach oibleagáid léi i dtéarmaí gan athbhrí. Thairis sin, fiú má fhágann foráil de Threoir corrlach lánroghnach áirithe do na Ballstáit nuair a ghlacann siad na rialacha mionsonraithe maidir lena cur chun feidhme, féadfar an fhoráil sin a mheas mar fhoráil neamhchoinníollach agus bheacht i gcás ina bhforchuireann sí oibleagáid bheacht ar na Ballstáit, i dtéarmaí aonchiallacha, maidir leis an toradh atá le baint amach agus nach bhfuil faoi réir aon choinníoll maidir le cur i bhfeidhm na rialach a leagtar síos léi (breithiúnais an 8 Márta 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)*, C-205/20, EU:C:2022:168, míreanna 18 agus 19, agus an 25 Eanáir 2024, *Global NRG*, C-277/22, EU:C:2024:78, mír 28).

70 Sa chás seo, mar a luadh i mír 59 den bhreithiúnas seo, leanann sé ó Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, i gcomhthéacs an chúraim chun na taraifí is infheidhme maidir le córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha a shocrú nó a fhormheas a cheanglaítear ar na Ballstáit a chur ar na húdaráis rialála náisiúnta, nach mór do na húdaráis sin, nuair a dhéantar an socrú nó an formheas sin, dreasacht iomchuí a chur ar fáil, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, chun oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha a spreagadh chun feidhmíocht a fheabhsú, chun comhtháthú an mhargaidh agus slándáil an tsoláthair a chothú agus chun tacú le gníomhaíochtaí taighde gaolmhara.

71 Cé go bhfágann Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 corrlach lánroghnach áirithe ag na húdaráis rialála náisiúnta agus an fhoráil sin á cur chun feidhme acu, is amhlaidh fós, trí cheangal a chur orthu dreasacht iomchuí den sórt sin a ghlacadh chun oibreoirí na líonraí sin a spreagadh chun na cuspóirí a shaothrú agus tacú leis na gníomhaíochtaí a liostaítear ann go mion agus go cuimsitheach, go bhforchuirtear le hAirteagal 41(8) ar gach Ballstát, i dtéarmaí aonchiallacha, oibleagáid atá sách beacht nach bhfuil faoi réir aon choinníoll (féach, de réir analaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *T-Mobile Czech Republic agus Vodafone Czech Republic*, C-508/14, EU:C:2015:657, mír 53).

72 Dá réir sin, leagtar síos le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73, ar bhealach neamhchoinníollach agus sách beacht, an oibleagáid chun a ráthú d'oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha go ndéanann na húdaráis rialála náisiúnta, agus taraifí tarchurtha agus dáileacháin á socrú nó á bhformheas acu, foráil do na dreasachtaí iomchuí dá dtagraítear san fhoráil sin.

73 Dá bhrí sin, ní mór a aithint go bhfuil éifeacht dhíreach ag Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, sa chaoi nach mór don chúirt a rinne an tarchur an dlí náisiúnta atá contrártha leis an bhforáil sin a fhágáil gan feidhm i gcás nach féidir an dlí sin a léiriú i gcomhréir leis an bhforáil sin.

74 Maidir leis an gcoincheap ‘dreasacht iomchuí’, taobh amuigh den chomhthéacs ina bhfuil ar gach údarás rialála náisiúnta foráil a dhéanamh maidir leis na bearta sin, eadhon nuair a shocraítear nó nuair a fhormheastar na modheolaíochtaí chun taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a shainiú nó a fhormheas, agus na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí nach mór dóibh a áirithiú, ní shainmhínítear le Treoir 2009/73 an coincheap sin ná ní shonraítear an fhoirm ina mbunaíonn na húdaráis rialála náisiúnta iad. Dá bhrí sin, leis an Treoir sin, tugtar corrlach lánroghnach do na húdaráis sin maidir leis an bhfoirm nach mór a bheith ag na dreasachtaí sin, ach freisin maidir le measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar a n-oiriúnacht, i gcomhréir, go háirithe, leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 40 den Treoir sin, lena gceanglaítear ar aon údarás rialála náisiúnta, an oibleagáid cúiseanna a lua, a leagtar síos in Airteagal 41(16) den Treoir sin agus i bhfianaise shaintréithe sonracha an mhargaidh náisiúnta gáis nádúrtha.

75 Sa chomhthéacs sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 53 dá Thuairim, ní léir ó Threoir 2009/73 nach mór na dreasachtaí iomchuí d’oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha, chun na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41(8) den Treoir sin a shaothrú agus tacú leo, a mheasúnú agus a chinneadh ar bhonn ráta toraidh ar chaipiteal amháin, amhail an meánráta ualaithe toraidh ar chaipiteal arna shocrú sa chinneadh atá faoi chonspóid, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir leis an modheolaíocht.

76 Dá bhrí sin, agus i bhfianaise na faisnéise sa chomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais, ós rud é go bhfuil comhthuiscint ann nach bhfuil an ráta toraidh sin ar chaipiteal ach ar cheann amháin de na tosca a chuirtear san áireamh agus leibhéal na dtaraifí á socrú, ní chiallaíonn an fíoras nach ndealraíonn sé go dtagraíonn an cinneadh atá faoi chonspóid do chúiseanna sonracha maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe leis an ráta sin na hoibreoirí córais lena mbaineann a spreagadh chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 41(8), Treoir 2009/73 a shaothrú agus chun tacú leis na gníomhaíochtaí a liostaítear ann, mar a d’áitigh an t-údarás sin os comhair na Cúirte, nár áirithigh sé, sa bhreis ar an méid a cheanglaítear le hAirteagal 20(1) den Dlí maidir le hÚdaráis Rialála na Seirbhíse Poiblí, dreasacht iomchuí a chur san áireamh, dá dtagraítear san fhoráil sin, i gcomhthéacs, ar bhealach níos ginearálta, na mhodheolaíochta nó shocrú na dtaraifí chun gás nádúrtha a tharchur agus a dháileadh sa Laitvia.

77 Mar sin féin, eascraíonn sé ó Airteagal 41(8) agus (16) de Threoir 2009/73, i gcomhthéacs na modheolaíochta chun taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a ríomh nó, ar a dhéanaí, agus na taraifí sin á socrú nó á bhformheas aige, go bhfuil sé d’oibleagáid ar an údarás rialála náisiúnta a leagan amach, ar bhealach soiléir, aonchiallach agus sách beacht, conas a mheasann sé go bhfuil sé beartaithe leis na taraifí sin a áirithiú go spreagfar oibreoirí na gcóras sin, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, chun na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 41(8) den Treoir sin a shaothrú agus chun a chur ar chumas na ndaoine lena mbaineann na cúiseanna lena chinneadh a fhionnadh agus athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a áirithiú.

78 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach ar chomhlíon údarás rialála na Laitvia an oibleagáid cúiseanna a lua dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, lasmuigh de raon feidhme docht an chinnidh atá faoi chonspóid.

79 I bhfianaise an mhéid sin go léir, ní mór freagra a thabhairt ar an chéad agus an dara ceist nach mór Airteagal 41(8) agus (16) de Threoir 2009/73 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina ráthaítear 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí Airteagal 41(8), leis an bhfíoras amháin go gcumhdaíonn taraifí arna n-íoc ag úsáideoirí na costais seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áirithítear brabúsacht leo, fiú brabúsacht íosta, gan a fhorchur ar an údarás rialála náisiúnta an oibleagáid cúiseanna a lua leis an gcaoi atá beartaithe aige chun go mbainfidh oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha tairbhe as 'dreasacht iomchuí', ach amháin más féidir an reachtaíocht náisiúnta sin a léiriú ar bhealach atá comhréireach le hAirteagal 41(8) agus (16).

An tríú go dtí an naoú ceist ar an gcaoi ar cheart don údarás rialála náisiúnta a fhoráil go mbaineann na hoibreoirí chórais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha tairbhe as dreasacht iomchuí agus/nó toradh iomchuí ar infheistíochtaí

80 Lena tríú go dtí a naoú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 le léiriú sa chaoi go gciallaíonn an oibleagáid, a fhorchuirtear leis na forálacha sin ar údarás rialála náisiúnta, foráil a dhéanamh, faoi seach, do 'dhreasacht iomchuí' agus do 'thoradh iomchuí ar infheistíochtaí', chun taraifí nó modheolaíochtaí ríomha a chuirtear i bhfeidhm ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a chinneadh, go gceanglaítear léi go n-úsáidfear modhanna ríomha sonracha, amhail WACC a chuirtear i bhfeidhm san earnáil airgeadais, comparáid idir costas an chaipitil agus costas na gcuideachtaí neamhrialáilaithe, coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh, *inter alia*, boilsciú agus/nó cáin chorparáide, eisiamh fheidhmíocht aonair an oibreora córais lena mbaineann, agus, i gcás agóid ó na heintitis leasmhara, leas a bhaint as idirghabháil tríú páirtí.

81 Is é sin le rá, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil an lánrogha atá ag na húdaráis rialála náisiúnta maidir le roghnú na modheolaíochtaí is infheidhme maidir le ríomh an ráta toraidh ar chaipiteal agus na paraiméadair a leagtar amach sa ríomh sin agus taraifí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha á socrú á rialú, nó teoranta fiú, agus, más amhlaidh atá, cad iad na coinníollacha, faoin ngá atá ann do na húdaráis sin foráil a dhéanamh maidir le 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, agus/nó 'toradh iomchuí ar infheistíochtaí', de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, ar mhaithe le hoibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha.

82 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, cé go gcuirtear de chúram ar na húdaráis rialála náisiúnta le hAirteagal 41(8) agus (16) de Threoir 2009/73 taraifí a shocrú nó a fhormheas, ar bhealach réasúnaithe, chun gás nádúrtha a tharchur agus a dháileadh i gcomhréir le cuspóirí na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe, nach sonraítear ann an modh ina socrófar na taraifí sin. *A fortiori*, ní thugtar le fios le Treoir 2009/73, chun na taraifí sin a shocrú, an mhodheolaíocht ná na rialacha mionsonraithe chun an ráta toraidh ar chaipiteal a ríomh.

83 Is amhlaidh, ar an dara dul síos, ón gcéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, nach bhforáiltear léi ach, maidir leis na taraifí nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, arna gcur i bhfeidhm ag oibreoir córais tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 41(6) de Threoir 2009/73, go mbeidh siad trédhearcach, agus go gcuirfidh siad san áireamh toradh iomchuí ar infheistíochtaí, agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go neamh-idirdhealaitheach.

84 Is fíor go bhforáiltear le Rialachán 2017/460, a ghlac an Coimisiún ar bhonn Rialacháin Uimh. 715/2009 agus a luaigh sé ina bharúlacha i scríbhinn, in Airteagal 30(1) agus ar mhaithe le trédhearcacht struchtúr taraife an oibreora gáis nádúrtha a mhéadú, maidir le sraith faisnéise atá le foilsiú roimh gach tréimhse taraife, lena n-áirítear, go háirithe, 'costas caipitil agus a mhodheolaíocht ríofa', 'sásraí dreasachta agus na spriocanna éifeachtúlachta' agus 'innéacsanna boilscithe.'

85 Mar sin féin, ní shonraítear i Rialachán 2017/460 ábhar na gcoincheap sin ná, go háirithe, cén mhodheolaíocht nó cé na rialacha mionsonraithe is ceart a úsáid chun costas caipitil nó na sásraí dreasachta a ríomh nó ar dá réir a fhéadfar an costas sin a ríomh.

86 Dá bhrí sin, chun tosca casta eacnamaíocha agus teicniúla den sórt sin a chur san áireamh, ní mór do na húdaráis rialála náisiúnta, ag brath freisin ar na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir leis an margadh náisiúnta sa ghás nádúrtha agus na hoibreoirí lena mbaineann, lánrogha leathan a bheith acu maidir le taraifí a shocrú le haghaidh tarchur nó dáileadh gáis nádúrtha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, maidir le ráta toraidh ar chaipiteal na n-oibreoirí sin a shocrú. I ndáil leis sin, ní féidir iallach a chur ar na húdaráis sin, maidir leis an gá chun 'dreasacht iomchuí' a leagan síos, de réir bhrí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, agus, maidir le taraifí tarchurtha gáis nádúrtha, 'toradh iomchuí ar infheistíochtaí,' de réir bhrí na céad fhomhíre d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, modheolaíocht shonrach a ghlacadh, amhail an mhodheolaíocht atá bunaithe ar WACC, nó comparáid a dhéanamh idir costas an chaipitil agus costais na gcuideachtaí nó na n-eintiteas neamh-rialálaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na húdaráis sin a chumhachtú chun coigeartú a dhéanamh ar an modh chun na taraifí sin a chinneadh agus a ríomh ag brath ar na paraiméadair éagsúla, gan oibleagáid chun na ríomhanna sin a dhéanamh, thairis sin, trí bhoilsciú agus/nó cáin chorparáide a chur san áireamh.

87 Os a choinne sin, agus a mhéid a fhreagraíonn cur san áireamh an ráta toraidh ar chaipiteal do 'dhreasacht iomchuí' de réir bhrí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73, ní féidir le glacadh le hargóint údarás rialála na Laitvia go mbeadh reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar údarás rialála náisiúnta ríomh an ráta toraidh ar chaipiteal a choigeartú ar bhonn fheidhmíocht aonair gach oibreora i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73.

88 Sa bhreis ar an bhfíoras go mbeadh léiriú den sórt sin contrártha leis an lánrogha leathan nach mór do na húdaráis rialála náisiúnta a bheith acu agus scrúdú á dhéanamh acu ar thosca casta eacnamaíocha agus teicniúla, ní mór a mheas nach mór don 'dreasacht iomchuí' dá dtagraítear in Airteagal 41(8) a bheith in ann, *inter alia*, feidhmíocht na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a fheabhsú agus, dá bhrí sin, is gá go bhféadfar í a oiriúnú nó a choigeartú i bhfianaise fheidhmíocht na n-oibreoirí sin roimhe seo. Ni féidir le coigeartú den sórt sin a bheith contrártha *a priori* do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ós rud é go bhféadfadh údar cuí a bheith leis de bharr breithnithe oibiachtúla nó easpa inchomparáideachta staideanna na n-oibreoirí córais éagsúla, go díreach mar gheall ar dhifríochtaí arna ndoiciméadú go hoibiachtúil ina bhfeidhmíocht roimhe sin.

89 Is tábhachtach é a chur leis sin, i bhfianaise cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur, nach féidir an measúnú ar na paraiméadair éagsúla chun taraifí a ríomh arna ndéanamh ag na húdaráis rialála náisiúnta, de bhun Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus na chéad fhomhíre d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, i gcás agóid ó na heintitis a bhfuil feidhm ag na taraifí sin maidir leo, a bheith faoi réir idirghabháil tríú páirtí, amhail gnólacht saineolaithe, a ndearnadh a thuarascáil a tharraingt suas go heisiach arna iarraidh sin ag ceann de na heintitis sin.

90 Maidir leis sin, is leor a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear le hAirteagal 39(4) de Threoir 2009/73, arna léamh i gcomhar le haithris 30 den Treoir sin, nach mór do na húdaráis sin a gcumhacht a fheidhmiú ar bhealach neamhspleách ó gach eintiteas poiblí nó príobháideach, trína áirithiú go ndéanann siad a gcinntí go neamhspleách, agus chun leas an phobail amháin, gan bheith faoi réir treoracha seachtracha ó eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile (féach, de réir analaí, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin (Treoracha 2009/72 agus 2009/73 a thrasuí)*, C-718/18, EU:C:2021:662, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 70 dá Thuairim, tá urraim do neamhspleáchas an údaráis rialála náisiúnta i bhfeidhmiú a chumhachtaí gan dochar don fhéidearthacht atá ar fáil, i gcás inarb iomchuí, d'oibreoirí córais lena mbaineann brath ar thuarascálacha ó shaineolaithe tríú páirtí mar thaca lena n-iarrataí arna gcur faoi bhráid an údaráis sin nó, i gcás leigheas breithiúnach, os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla, a mhéid a cheadaítear sin leis an dlí náisiúnta, i gcomhréir, go háirithe, le prionsabal na sáraíochta. Thairis sin, a mhéid céanna, is féidir leis an údarás rialála náisiúnta nó, i gcás leigheas breithiúnach, leis an gcúirt náisiúnta inniúil, saineolaí neamhspleách amháin nó níos mó a cheapadh chun go gcabhróidh siad leo ina ndualgais.

91 I bhfianaise an mhéid sin go léir, ní mór Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis an oibleagáid, a fhorchuirtear leis na forálacha sin ar údarás rialála náisiúnta, foráil a dhéanamh, faoi seach, do 'dhreasacht iomchuí' agus do 'thoradh iomchuí ar infheistíochtaí', chun na taraifí nó na modheolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a chinneadh, nach n-úsáidfear ach modhanna ríomha sonracha, amhail WACC a chuirtear i bhfeidhm san earnáil airgeadais, chun comparáid a dhéanamh idir costas caipitil agus costas cuideachtaí neamhrialaithe agus chun coigeartuithe, *inter alia*, ar bhoilsciú agus/nó ar cháin chorparáideach, a chur san áireamh.

92 Os a choinne sin, ní mór Airteagal 41(8) de Threoir 2009/73 a léiriú sa chaoi, agus an 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí na forála sin, á gcinneadh, go gceanglaítear ar an údarás rialála náisiúnta, feidhmíocht aonair na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha lena mbaineann a chur san áireamh.

93 Ina theannta sin, ní mór Airteagal 39(4) de Threoir 2009/73 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar an measúnú arna dhéanamh ar na paraiméadair chun taraifí na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha lena mbaineann a ríomh, arna ndéanamh ag an údarás rialála náisiúnta faoi Airteagal 41(8) den Treoir sin agus faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, i gcás agóid ó na hoibreoirí sin, a chur faoi réir idirghabháil tríú páirtí ar tarraingíodh a thuarascáil suas go heisiach arna iarraidh sin ag ceann de na hoibreoirí sin.

Costais

94 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (ceathrú dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE, agus an gcéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na córais tarchuir gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   níl feidhm ag na prionsabail taraife a leagtar síos sna forálacha sin maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha de chuid Ballstáit, gan dochar don fhéidearthacht atá ag na húdaráis rialála náisiúnta na prionsabail taraife sin a leathnú chun rochtain ar na saoráidí sin a chuimsiú ar fhorais a bhfuil údar oibiachtúil leo.

2. **Maidir le hAirteagal 41(8) agus (16) de Threoir 2009/73,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina ráthaítear 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí Airteagal 41(8), leis an bhfíoras amháin go gcumhdaíonn taraifí arna n-íoc ag úsáideoirí na costais seirbhíse poiblí a bhfuil údar eacnamaíoch leo agus go n-áirithítear brabúsacht leo, fiú brabúsacht íosta, gan a fhorchur ar an údarás rialála náisiúnta an oibleagáid cúiseanna a lua leis an gcaoi atá beartaithe aige chun go mbainfidh oibreoirí córais tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha tairbhe as 'dreasacht iomchuí', ach amháin más féidir an reachtaíocht náisiúnta sin a léiriú ar bhealach atá comhréireach le hAirteagal 41(8) agus (16).

3. **Maidir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73 agus leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní cheanglaítear leis an oibleagáid, a fhorchuirtear leis na forálacha sin ar údarás rialála náisiúnta, foráil a dhéanamh, faoi seach, do 'dreasacht iomchuí' agus do 'toradh iomchuí ar infheistíochtaí', chun na taraifí nó na modheolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a chinneadh, nach n-úsáidfear ach modhanna ríomha sonracha, amhail meánchostas ualaithe an chaipitil a chuirtear i bhfeidhm san earnáil airgeadais, chun comparáid a dhéanamh idir costas caipitil agus costas cuideachtaí neamhrialáithe agus chun coigeartuithe, *inter alia*, ar bhoilsciú agus/nó ar cháin chorparáideach, a chur san áireamh.

4. **Maidir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   agus an 'dreasacht iomchuí', de réir bhrí na forála sin, á cinneadh, ceanglaítear ar an údarás rialála náisiúnta, feidhmíocht aonair na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha lena mbaineann a chur san áireamh.

5. Maidir le hAirteagal 39(4) de Threoir 2009/73,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar an measúnú arna dhéanamh ar na paraiméadair chun taraifí na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha lena mbaineann a ríomh, ag an údarás rialála náisiúnta faoi Airteagal 41(8) den Treoir sin agus faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2009, i gcás agóid ó na hoibreoirí sin, a chur faoi réir idirghabháil tríú páirtí ar tarraingíodh a thuarascáil suas go heisiach arna iarraidh sin ag ceann de na hoibreoirí sin.

[Sínithe]